Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 8 Iúil 2024
(OR. en)

11311/24
ADD 1
LIMITE
PV CONS 33
ENV 671
CLIMA 251

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Comhshaol)

17 Meitheamh 2024

**<u>Aon ghnó eile</u>**

**10.** **(c)** **Na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le ceant 2024 an Chiste don Nuálaíocht maidir le hidrigin in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a tháirgeadh (an dara babhta de cheant H2)** 11103/24

*Faisnéis ó thoscaireachtaí na Polainne, na Seice agus na hUngáire*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Pholainn, an tSeicia agus an Ungáir ar fáil, chomh maith leis an idirghabháil ó thoscaireachtaí eile.

PUBLIC

**(d)** **Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta**

*Faisnéis ón Ungáir*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Ungáir ar fáil.

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 10903/24**

PUBLIC

**Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':**

**Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ceanada maidir le rannpháirtíocht Cheanada i gcláir an Aontais**
*Comhaontú i bprionsabal*
*Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa*

## RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN

'Measann an Coimisiún gur shoiléirigh an Chúirt Bhreithiúnais, sa bhreithiúnas uaithi dar dáta an 9 Aibreán 2024 sa chás C-551/21, gur sainphribhléid de chuid an Choimisiúin é, i gcomhréir leis na Conarthaí, a áirithiú go sínítear comhaontuithe idirnáisiúnta lasmuigh de réimse an chomhbheartais eachtraigh agus slándála. Dá bhrí sin, ní gnó don Chomhairle é forálacha a leagan síos maidir leis an gCoimisiún comhaontuithe idirnáisiúnta a shíniú lasmuigh de réimse an chomhbheartais eachtraigh agus slándála.'

**Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':**

**Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ceanada maidir le rannpháirtíocht Cheanada i gcláir an Aontais**
*Glacadh*

## RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN

'Measann an Coimisiún gur shoiléirigh an Chúirt Bhreithiúnais, sa bhreithiúnas uaithi dar dáta an 9 Aibreán 2024 sa chás C-551/21, gur sainphribhléid de chuid an Choimisiúin é, i gcomhréir leis na Conarthaí, a áirithiú go sínítear comhaontuithe idirnáisiúnta lasmuigh de réimse an chomhbheartais eachtraigh agus slándála. Dá bhrí sin, ní gnó don Chomhairle é forálacha a leagan síos maidir leis an gCoimisiún comhaontuithe idirnáisiúnta a shíniú lasmuigh de réimse an chomhbheartais eachtraigh agus slándála.'

**Maidir le mír 7 ar liosta na míreanna 'A':**

**Tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an smacht reachta: conas ar féidir na tíortha is iarrthóirí a láimhseáil sa Chomhairle**
*Formheas*

## RÁITEAS ÓN OSTAIR

'Dearbhaíonn an Ostair go n-aontaíonn sí leis an nóta seo. Mar sin féin, is oth léi gur áiríodh an abairt dheireanach i mír 9 den nóta seo ('Thairis sin, baineann an cuireadh sin go docht le réimse an smachta reachta agus ní dhéanfar é a mhacasamhlú i réimsí eile ná i bhfoirmíochtaí eile na Comhairle.'). Ba mhaith leis an Ostair béim a leagan ar a tuiscint go dtagraíonn an chuid dheireanach den abairt go heisiach do réimse an smachta reachta. Sa chomhthéacs sin, ba mhaith leis an Ostair a mheabhrú a thábhachtaí atá coincheap an lánpháirtithe de réir a chéile mar a dhearbhaigh an Chomhairle le déanaí i mír 14 de na conclúidí uaithi maidir le Méadú mar a d'fhormheas an Chomhairle iad an 12 Nollaig 2023 agus is mian léi a athdhearbhú nach léirítear ar bhealach ar bith lena comhaontú leis an nóta seo aon athrú ar ár seasamh ginearálta maidir le lánpháirtiú de réir a chéile.'

**Maidir le mír 13 ar liosta na míreanna 'A':** **Comhaontú maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta**

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

I bhfianaise bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 9 Aibreán 2024 sa chás C-551/21, an Coimisiún v. an Chomhairle ('breithiúnas na Gabúine'), mar ábhar dlí phríomha, is faoin gCoimisiún atá sé toiliú an Aontais a chur in iúl maidir le bheith faoi cheangal an Chomhaontaithe faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta ('Comhaontú BBNJ'). Dá bhrí sin, Airteagal 4 den Chinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích Chomhaontú BBNJ, lena gcumhachtaítear Uachtarán na Comhairle na daoine a ainmniú a chumhachtaítear leis an ionstraim formheasa a thaisceadh, thar ceann an Aontais, a ainmniú, níl sé i gcomhréir leis na Conarthaí de réir mar a léirmhínigh an Chúirt iad.

Mar sin féin, toisc gur tharchuir an Chomhairle an dréachtchinneadh sa chomhad atá ann faoi láthair chuig an bParlaimint lena thoiliú sula dtabharfaidh an Chúirt breithiúnas chun a áirithiú go nglacfar go tráthúil é roimh dheireadh an naoú téarma parlaiminteach, ní bheidh an Coimisiún ina bhac ar a ghlacadh trí thromlach cáilithe. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Choimisiún na dearbhuithe ón gComhairle go ndéanfar, i gcomhréir le breithiúnas na Gabúine, an Coimisiún a ainmniú chun toiliú an Aontais a bheith faoi cheangal Chomhaontú BBNJ a chur in iúl. Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a áirithiú, maidir le gach Cinneadh ón gComhairle a bheidh ann amach anseo maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích, nach raibh toiliú na Parlaiminte ina leith iarrtha go fóill ag an gComhairle dáta an bhreithiúnais, go mbeidh siad i gcomhréir go hiomlán leis an mbreithiúnas thuasluaite ón gCúirt Bhreithiúnais.'



PUBLIC